**CINNEADH (AE) 2023/1945 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA**

**an 10 Bealtaine 2023**

**maidir le dúnadh chuntais Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis – EUSPA (an Ghníomhaireacht Eorpach GNSS go dtí an 12 Bealtaine 2021) don bhliain airgeadais 2021**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint do chuntais bhliantúla chríochnaitheacha Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis don bhliain airgeadais 2021,

— ag féachaint don tuarascáil bhliantúil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le Gníomhaireachtaí AE don bhliain airgeadais 2021, agus freisin do na freagraí ó na gníomhaireachtaí ([1]),

— ag féachaint don ráiteas dearbhaithe ([2]) i dtaobh bheachtas na gcuntas agus dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo, ar ráiteas é a chuir an Chúirt Iniúchóirí ar fáil don bhliain airgeadais 2021, de bhun Airteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do mholadh ón gComhairle an 28 Feabhra 2023 maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt don Ghníomhaireacht i ndáil le cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2021 (06248/2023 – C9-0104/2023),

— ag féachaint d'Airteagal 319 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ([3]), agus go háirithe Airteagal 70 de,

— ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 912/2010 ó Pharlaimint na hEorpa, agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2010 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Eorpach GNSS, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1321/2004 ón gComhairle maidir le struchtúir bhainistíochta a bhunú do na cláir Eorpacha um radaloingseoireacht satailíte agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 683/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), agus go háirithe Airteagal 14 de,

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE ([5]), agus go háirithe Airteagail 85 agus 86 de,

— ag féachaint do Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 maidir leis an rialachán réime airgeadais le haghaidh comhlachtaí arna mbunú faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom, agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]), agus go háirithe Airteagal 105 de,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0116/2023),

1. Ag formheas dhúnadh chuntais Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis don bhliain airgeadais 2021;

([1]) IO C 412, 27.10.2022, lch. 12.
([2]) IO C 399, 17.10.2022, lch. 240.
([3]) IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.
([4]) IO L 276, 20.10.2010, lch. 11.
([5]) IO L 170, 12.5.2021, lch. 69.
([6]) IO L 122, 10.5.2019, lch. 1.

2. Á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo a chur ar aghaidh chuig Stiúrthóir Feidhmiúcháin Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí, agus a shocrú go ndéanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith L).

| *An tUachtarán* | *An tArd-Rúnaí* |
|---|---|
| Roberta METSOLA | Alessandro CHIOCCHETTI |